Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith ??

2024/1451

27.5.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/1451 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Bealtaine 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na breiseáin bhia aigéad tartarach (L(+)-) (E 334), tartráití sóidiam (E 335), tartráití potaisiam (E 336), tartráit photaisiam sóidiam (E 337) agus tartráit chailciam (E 354)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bhia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bhia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bhia atá formheasta le húsáid i mbia agus coinníollacha a n-úsáide. Leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 liosta Aontais de bhreiseáin bhia lena n-áirítear iompróirí atá formheasta le húsáid i mbreiseáin bhia, einsímí bia, blastáin bhia agus cothaithigh maille le coinníollacha a n-úsáide.

(2) De bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, féadtar liosta an Aontais de bhreiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil.

(3) Aigéad tartarach (L(+)-) (E 334), tartráití sóidiam (E 335), tartráití potaisiam (E 336), tartráit photaisiam sóidiam (E 337) agus tartráit chailciam (E 354), is substaintí iad atá údaraithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008. Tá na breiseáin bhia sin údaraithe faoi láthair lena n-úsáid ag *quantum satis* agus áirítear iad i nGrúpa I, i gcuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, lena gcumhdaítear breiseáin bhia, gan dathanna ná milseoirí a áireamh, 'nár sonraíodh iontógáil laethúil inghlactha ina leith' nó ar thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú riosca is déanaí 'nach bhfuil gá le hiontógáil laethúil uimhriúil inghlactha ina leith'. Ina theannta sin, maidir le haigéad tartarach (L(+)-) (E 334), tartráití sóidiam (E 335), tartráití potaisiam (E 336), tartráit photaisiam sóidiam (E 337) agus tartráit chailciam (E 354), tá siad údaraithe lena n-úsáid i gcatagóirí sonracha bia le huasleibhéal uimhriúil nó ag *quantum satis*.

(4) An 11 Márta 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar aigéad tartarach (L(+)-) (E 334), tartráití sóidiam (E 335), tartráití potaisiam (E 336), tartráit photaisiam sóidiam (E 337) agus tartráit chailciam (E 354) mar bhreiseáin bhia ([3]). Bunaíodh iontógáil laethúil inghlactha grúpa de 240 mg/kg de mheáchan coirp in aghaidh an lae maidir le haigéad tartarach - tartráití (334 — 337 agus E 354), arna shloinneadh mar aigéad tartarach. Na measctacháin nochta maidir leis na grúpaí éagsúla den daonra le haghaidh an cháis nochta is ábhartha, níor sháraigh siad an iontógáil laethúil inghlactha grúpa de 240 mg/kg de mheáchan coirp in aghaidh an lae, arna shloinneadh mar aigéad tartarach.

(5) An 19 Eanáir 2021, sheol an Coimisiún glao poiblí ar shonraí teicniúla maidir leis na breiseáin bhia cheadaithe aigéad tartarach (L(+)-) (E 334), tartráití sóidiam (E 335), tartráití potaisiam (E 336), tartráit photaisiam sóidiam (E 337) agus tartráit chailciam (E 354), inar iarradh ar oibreoirí gnólachtaí bia sonraí, i measc nithe eile, a chur isteach maidir le húsáidí na mbreiseán bia sin i gcomhréir le hIarscríbhinn II, Cuid E agus le hIarscríbhinn III, Codanna 2, 3 agus 4 agus le Roinn A de Chuid 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008. Sonraíodh sa ghlao, in éagmais sonraí maidir le catagóir bhia ina n-údaraítear úsáid d'aon ghnó na mbreiseán bia sin faoi láthair, go measfadh an Coimisiún nach bhfuil aon leas ann go leanfadh na breiseáin bhia de bheith údaraithe sa chatagóir bhia sin agus dá bhrí sin go dtarraingeofaí siar an t-údarú sin.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj.
([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1331/oj.
([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(3):6030.

(6) Sholáthair oibreoirí gnólachtaí sonraí maidir le húsáidí na mbreiseán bia sin i gcomhréir le Cuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcás roinnt catagóirí bia ach tá roinnt in easnamh fós.

(7) Sholáthair oibreoirí gnólachtaí sonraí maidir le húsáidí na mbreiseán bia sin i gcomhréir le hIarscríbhinn III, Codanna 2 agus 4 agus le Roinn A de Chuid 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008. Níor soláthraíodh aon sonraí maidir le húsáidí i gcomhréir le hIarscríbhinn III, Cuid 3, áfach.

(8) Agus athmheastóireacht an Údaráis á cur san áireamh, go háirithe, an iontagáil laethúil inghlactha grúpa a bunaíodh maidir le haigéad tartarach (L(+)-) (E 334), tartráití sóidiam (E 335), tartráití potaisiam (E 336), tartráit photaisiam sóidiam (E 337) agus tartráit chailciam (E 354), is iomchuí na breiseáin bhia sin a bhaint ó Ghrúpa I, grúpa nua a chruthú dóibh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcoinníollacha úsáide. Ina theannta sin, i bhfianaise na sonraí a soláthraíodh maidir le húsáidí na mbreiseán bia sin i gcomhréir le hIarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, is iomchuí coinníollacha úsáide reatha na mbreiseán bia sin a leasú trí na húdaruithe a tharraingt siar i gcatagóirí bia nár soláthraíodh aon sonraí ina leith mar fhreagairt ar an nglao ar shonraí. Ina theannta sin, i bhfianaise na sonraí sin a cuireadh ar fáil maidir leis na húsáidí agus an nochtadh cothaithe arna ríomh ag an Údarás, is iomchuí uasleibhéil úsáide uimhriúla a bhunú le haghaidh catagóirí bia ar cuireadh sonraí ar fáil ina leith. Is iomchuí freisin roinnt neamhréireachtaí a bhaint a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha úsáide maidir le haigéad tartarach (L(+)-) (E 334), tartráití sóidiam (E 335) agus tartráití potaisiam (E 336) i gcatagóirí éagsúla.

(9) Ba cheart cur i bhfeidhm na n-uasleibhéal nua a chur siar agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do tháirgí a chuirtear ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm na n-uasleibhéal faoi seach ionas gur féidir leis na hoibreoirí gnólachtaí bia, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, iad féin a chur in oiriúint do na coinníollacha úsáide nua a leagtar síos sa Rialachán seo.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a leasú dá réir sin.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Maidir le bianna ina bhfuil aigéad tartarach (L(+)-) (E 334), tartráití sóidiam (E 335), tartráití potaisiam (E 336), tartráit photaisiam sóidiam (E 337) nó tartráit chailciam (E 354) nach gcomhlíonann an Rialachán seo agus a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an 16 Nollaig 2024, féadfaidh siad fanacht ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a 'ndáta éaga'.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(1) Leasaítear CUID C mar a leanas:

(a) i bpointe (1) (Grúpa I), scriostar na hiontrálacha maidir leis na breiseáin bhia: E 334 Aigéad tartarach (L(+)-), E 335 Tartráití sóidiam, E 336 Tartráití potaisiam, E 337 Tartráit photaisiam sóidiam agus E 354 Tartráit chailciam;

(b) i bpointe (5) ('Breiseáin eile is féidir a rialáil le chéile'), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(k.2) E 334–337 agus E 354: Aigéad tartarach – tartráití

E-uimhir	Ainm
E 334	Aigéad tartarach (L(+)-)
E 335	Tartráití sóidiam
E 336	Tartráití potaisiam
E 337	Tartráit photaisiam sóidiam
E 354	Tartráit chailciam';

(2) leasaítear CUID E mar a leanas:

(a) i gcatagóir 01.3 ('Táirgí bainne coipthe neamhbhlaistithe, iad teaschóireáilte tar éis coipthe'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 200-202:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	750	(1) (2)';	

(b) i gCatagóir 01.8 ('Analóga déiríochta, lena n-áirítear gealáin deochanna'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 280-283:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	240	(1) (2)';	

(c) i gcatagóir 02.2.2 ('Eibleachtaí eile saille agus ola lena n-áirítear leatháin mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle agus eibleachtaí leachtacha'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 321:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	1 300	(1) (2)'	

(d) leasaítear Catagóir 04.2.3 ('Torthaí agus glasraí stánaithe nó buidéalaithe') mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 334 Aigéad tartarach (L(+)-):

	'E 334	Aigéad tartarach (L(+)-)	9 000	(98)';	

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 335 Tartráití sóidiam:

	‘E 335	Tartráití sóidiam	9 000	(51) (98)’;	

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 336 Tartráití potaisiam:

	‘E 336	Tartráití potaisiam	9 000	(51) (98)’;	

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 337 Tartráit photaisiam sóidiam:

	‘E 337	Tartráit photaisiam sóidiam	9 000	(51) (98)’;	

(5) cuirtear an fonóta (98) isteach i ndiadh fonóta (56):

‘(98): Uasmhéid E 334–337, ina n-aonar nó i gcás teaglaim díobh’;

(e) i gCatagóir 04.2.4.1 (‘Ullmhóidí torthaí agus glasraí gan compóit a áireamh’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na n-iontrálacha maidir le E 220-228:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	3 000	(1) (2)’;	

(f) i gcatagóir 04.2.5.1 (‘Subh bhreise agus glóthach bhreise mar a shainmhínítear i dTreoir 2001/113/CE’), scriostar na hiontrálacha maidir leis na breiseáin bhia E 334 Aigéad tartarach (L(+)-) agus E 335 Tartráití sóidiam;

(g) i gcatagóir 04.2.5.2 (‘Subha, glóthacha agus marmaláidí agus purée castáin milsithe mar a shainmhínítear i dTreoir 2001/113/CE’), scriostar na hiontrálacha maidir leis na breiseáin bhia E 334 Aigéad tartarach (L(+)-) agus E 335 Tartráití sóidiam;

(h) i gcatagóir 04.2.5.3 (‘Leatháin chomhchosúla torthaí nó glasraí eile), scriostar na hiontrálacha maidir leis na breiseáin bhia E 334 Aigéad tartarach (L(+)-) agus E 335 Tartráití sóidiam;

(i) i gcatagóir 04.2.6 (‘Táirgí prátaí próiseáilte’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-320:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	240	(1) (2)’;	

(j) i gcatagóir 05.2 (‘Milseogra eile lena n-áirítear micrimhilseáin le haghaidh chumhra na hanála’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 297:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	25 000	(1) (2)’;	

(k) i gcatagóir 05.3 (‘Guma coganta’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-321:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	25 000	(1) (2)’;	

(l) i gcatagóir 05.4 (‘Maisiúcháin, bratuithe agus líonadh, gan líonadh atá bunaithe ar thorthaí a chlúdaítear le catagóir 4.2.4 a áireamh), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na n-iontrálacha maidir le E 297:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	11 000	(1) (2)’;	

(m) i gcatagóir 06.4.1 (‘Pasta úr’), scriostar an iontráil maidir leis an mbreiseán bia E 334 Aigéad tartarach (L(+)-);

(n) i gcatagóir 06.4.3 (‘Pasta réamhchócaráilte úr’), scriostar an iontráil maidir leis an mbreiseán bia E 334 Aigéad tartarach (L(+)-);

(o) i gcatagóir 06.4.4 (‘Gnocchi Prátaí’), scriostar an iontráil maidir leis an mbreiseán bia E 334 Aigéad tartarach (L(+)-);

(p) i gcatagóir 06.7 (‘Gránaigh réamhchócaráilte nó phróiseáilte’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-320:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	740	(1) (2)’;	

(q) i gCatagóir 07.1 (‘Arán agus rollaí’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na n-iontrálacha maidir le E 280-283:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	15 000	(1) (2)	seachas táirgí in 7.1.1 agus 7.1.2’;

(r) i gCatagóir 07.2 (‘Mínearraí báicéara’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-320:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	18 000	(1) (2)’;	

(s) i gcatagóir 08.3.2 (‘Táirgí feola teaschóireáilte’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-320:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	3 000	(1) (2)	seachas *foie gras, foie gras entier, blocs de foie gras, Libamáj, libamáj egészben, libamáj tömbben*’;

(t) i gcatagóir 09.2 (Iasc próiseáilte agus táirgí iascaigh lena n-áirítear moilisc agus crústaigh), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 316:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	2 300	(1) (2)’;	

(u) i gcatagóir 11.4.2 (‘Milseoirí boird i bhfoirm phúdair’), scriostar an iontráil maidir leis an mbreiseán bia Tartráití potaisiam E 336;

(v) leasaítear catagóir 11.4.3 (Milseoirí boird i bhfoirm phúdair) mar a leanas:

(1) Cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 334 Aigéad tartarach (L(+)-):

	‘E 334	Aigéad tartarach (L(+)-)	270 000	(99)’;	

(2) Cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 336 Tartráití potaisiam:

	‘E 336	Tartráití potaisiam	270 000	(51) (99)’;	

(3) cuirtear an fonóta nua (51) isteach roimh fonóta (60) agus cuirtear an fonóta nua (99) I ndiadh fonóta (60)

‘(51): Sloinntear uasleibhéil inúsáidte mar shaoraigéad’;

‘(99): Uasmhéid E 334 agus E 336, ina n-aonar nó i gcás teaglaim díobh’;

(w) i gcatagóir 12.2.2 (‘Blastanais agus tarsainn’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-321:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	17 000	(1) (2)’;	

(x) i gcatagóir 12.4 (‘Mustard’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na n-iontrálacha maidir le E 220-228:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	12 000	(1) (2)’;	

(y) i gcatagóir 12.5 (‘Anraithí agus bratanna’), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-320:

	‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	240	(1) (2)’;	

(z) i gcatagóir 12.6 ('Anlainn'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-320:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	4 000	(1) (2)';	

(aa) i gcatagóir 12.7 ('Sailéid agus leathain neamh-mhilse le haghaidh ceapairí'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 200-213:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	1 800	(1) (2)';	

(bb) i gcatagóir 12.9 ('Táirgí próitéine, gan táirgí a chumhdaítear faoi chatagóir 1.8 a áireamh'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na n-iontrálacha maidir le E 220-228:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	240	(1) (2)';	

(cc) leasaítear catagóir 13.1.3 ('Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i dTreoir 2006/125/CE') mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 334 Aigéad tartarach (L(+)-):

	'E 334	Aigéad tartarach (L(+)-)	5 000	(100)	foirm L(+) amháin; brioscaí agus roscaí agus bianna do naíonáin, agus iad sin amháin';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 335 Tartráití sóidiam:

	'E 335	Tartráití sóidiam	5 000	(51) (100)	foirm L(+) amháin; brioscaí agus roscaí agus bianna do naíonáin, agus iad sin amháin';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le Tartráití potaisiam E 336:

	'E 336	Tartráití potaisiam	5 000	(51) (100)	foirm L(+) amháin; brioscaí agus roscaí agus bianna do naíonáin, agus iad sin amháin';

(4) cuirtear na fonótaí nua (51) agus (100) isteach i ndiadh fonóta (42):

'(51): Sloinntear uasleibhéil inúsáidte mar shaoraigéad

(100): Uasmhéid E 334, E 335 agus E 336, ina n-aonar nó i gcás teaglaim díobh';

(5) scriostar an iontráil maidir le E 354 Tartráit chailciam;

(dd) i gcatagóir 14.1.2 ('Súnna torthaí mar a shainmhínítear i dTreoir 2001/112/CE agus súnna glasraí'), scriostar an iontráil maidir leis an mbreiseán bia E 336 Tartráití potaisiam;

(ee) i gcatagóir 14.1.4 ('Deochanna blaistithe'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 297:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	4 000	(1) (2)';	

(ff) leasaítear catagóir 14.2.6 (Deochanna biotáilleacha mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2019/787) mar seo a leanas:,

(1) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 220-228:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	1 000	(1) (2)';	

(2) cuirtear an fonóta nua (2) i ndiadh fonóta (1):

'(2): Tá an t-uasleibhéal infheidhme maidir leis an tsuim agus sloinntear na leibhéil mar an saoraigéad';

(gg) i gcatagóir 14.2.7.1 ('Fíonta cumhraithe'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 242:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	8 000	(1) (2)';	

(hh) i gcatagóir 14.2.7.2 ('Deochanna cumhraithe de bhunadh fíona'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 242:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	8 000	(1) (2)';	

(ii) i gcatagóir 14.2.7.3 ('Deochanna cumhraithe de bhunadh fíona'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 242:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	8 000	(1) (2)';	

(jj) i gcatagóir 14.2.8 ('Deochanna alcólacha eile lena n áirítear deochanna alcólacha a mheasctar le deochanna neamh mheisciúla agus biotáillí ina bhfuil níos lú ná 15 % d'alcól'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 242:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	8 000	(1) (2)';	

(kk) i gcatagóir 15.1 ('Sneaiceanna bunaithe ar phrátaí, gránach, plúr nó stáirse'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-320:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	60 000	(1) (2)';	

(ll) i gcatagóir 16 ('Milseoga gan táirgí a chumhdaítear faoi chatagóirí 1, 3 agus 4 a áireamh'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 297:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	3 000	(1) (2)';	

(mm) i gcatagóir 17 ('Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE'), cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na coda Réamhráití:

'Maidir leis na huasleibhéil úsáide a shonraítear le haghaidh dathanna, polól, milseoirí, E 200-213, E 334-337 agus E 354, E 338-452, E 405, E 416, E 432-436, E 459, E 468, E 473-475, E 491-495, E 551-553, E 901-904, E 961, E 1201-1204, E 1505 agus E 1521, tagraíonn siad do na forbhianna atá réidh lena gcaitheamh agus iad ullmhaithe de réir na dtreoracha úsáide a sholáthraigh an monaróir.

Ní mór a chur in iúl in éineacht leis na treoracha úsáide fachtóir caolúcháin na bhforbhianna sin nach mór a chaolú nó a thuaslagadh.';

(nn) i gcatagóir bia 17.1. ('Forbhianna a sholáthraítear i bhfoirm sholadach, gan forbhianna le haghaidh naíonáin agus leanaí óga a áireamh'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-321:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	100 000	(1) (2)	gan forbhianna i bhfoirm choganta a áireamh
	E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	130 000	(1) (2)	forbhianna i bhfoirm choganta amháin';

(oo) i gcatagóir 17.2. ('Forbhianna a sholáthraítear i bhfoirm leachtach, gan forbhianna le haghaidh naíonáin agus leanaí óga a áireamh'), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 310-321:

	'E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití	6 000	(1) (2)'.	

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(1) i gCuid 2, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 321:

‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití (Tábla 8 de Chuid 6)	220 000 mg/kg ina n-aonar nó i gcás teaglaim díobh san ullmhóid agus 11 000 mg/kg sa táirge deiridh arna shloinneadh mar an saoraigéad	E 440 Peictiní a úsáidtear i gcatagóir bhia 05.2 (Milseogra eile lena n-áirítear micrimhilseáin le haghaidh chumhra na hanála) agus i catagóir bhia 05.4 (Maisiúcháin, bratuithe agus líonadh, gan líonadh atá bunaithe ar thorthaí a chlúdaítear le catagóir 4.2.4 a áireamh)’

(2) i gCuid 3, scriostar na hiontrálacha maidir leis na breiseáin bhia: E 334 Aigéad tartarach (L(+)-), E 335 Tartráití sóidiam, E 336 Tartráití potaisiam, E 337 Tartráit photaisiam sóidiam agus E 354 Tartráit chailciam;

(3) i gCuid 4, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 320:

‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití (Tábla 8 de Chuid 6)	Na blastáin uile	20 000 mg/kg ina n-aonar nó i gcás teaglaim díobh sa bhlastán agus 400 mg/kg sa táirge deiridh arna shloinneadh mar an saoraigéad’

(4) i gCuid 5, leasaítear Roinn A mar a leanas:

(a) scriostar na hiontrálacha maidir leis na breiseáin bhia: E 334 Aigéad tartarach (L(+)-), E 335 Tartráití sóidiam, E 336 Tartráití potaisiam, E 337 Tartráit photaisiam sóidiam agus E 354 Tartráit chailciam;

(b) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le E 333:

‘E 334–337 agus E 354	Aigéad tartarach – tartráití (Tábla 8 de Chuid 6)	1 000 mg/kg ina n-aonar nó i gcás teaglaim díobh san ullmhóid chothaitheach	Na cothaithigh uile’	

(5) leasaítear Cuid 6 mar a leanas:

(a) i dTábla 1, scriostar na hiontrálacha maidir leis na breiseáin bhia: E 334 Aigéad tartarach (L(+)-), E 335 Tartráití sóidiam, E 336 Tartráití potaisiam, E 337 Tartráit photaisiam sóidiam agus E 354 Tartráit chailciam;

(b) cuirtear isteach an tábla seo a leanas:

Tábla 8

Aigéad tartarach - tartráití

E-uimhir	Ainm
E 334	Aigéad tartarach (L(+)-)
E 335	Tartráití sóidiam
E 336	Tartráití potaisiam
E 337	Tartráit photaisiam sóidiam
E 354	Tartráit chailciam'.